Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2019
(OR. en)

14954/19

ELARG 68
COWEB 146

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14631/19 ELARG 63 COWEB 145 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 261 final |
| Ábhar: | Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad an 10 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE
MAIDIR LE
TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE hIARRATAS
NA BOISNIA AGUS NA HEIRSEAGAIVÉINE
AR BHALLRAÍOCHT SAN AONTAS EORPACH**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach. Aithníonn an Chomhairle nach gcomhlíonann an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin critéir pholaitiúla Chóbanhávan go leordhóthanach faoi láthair, agus nach mór di iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun a cuid institiúidí a neartú d'fhonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach a ráthú. A mhéid a bhaineann leis na critéir eacnamaíocha, tá méid áirithe cobhsaíochta maicreacnamaíche bainte amach ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, cé go bhfuil sí fós ag céim luath maidir le geilleagar margaidh atá feidhmiúil a bhunú agus maidir le bheith iomaíoch laistigh den chómhargadh. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin feabhas a chur ar an teist atá uirthi maidir lena hoibleagáidí faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a chur chun feidhme. Ar an iomlán, tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ag céim luath a mhéid a bhaineann lena leibhéal ullmhachta chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais a ghlacadh uirthi féin agus ní mór di dlús suntasach a chur leis an bpróiseas chun ailíniú le *acquis* an Aontais agus le reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

2. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na ceithre thosaíocht déag a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún a chur chun feidhme. Ní mór na príomhthosaíochtaí sin, lena ndírítear ar réimsí an daonlathais agus fheidhmiúlacht an stáit, an smachta reachta, na gceart bunúsach agus an athchóirithe ar an riarachán poiblí, a chomhlíonadh.

3. Tugann an Chomhairle dá haire go ndéanfar oscailt na caibidlíochta aontachais a mheas sa deireadh ag an gComhairle Eorpach, i gcomhréir leis an nós imeachta seanbhunaithe, tráth a measann an Coimisiún go bhfuil an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tar éis an méid comhlíonta is gá a bhaint amach maidir leis na critéir bhallraíochta agus go háirithe go bhfuil sí tar éis na príomhthosaíochtaí arna leagan amach sa Tuairim ón gCoimisiún a chomhlíonadh. Ag tosú le tuarascáil 2020 uaidh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a thuarascálacha bliantúla maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a dhíriú ar chur chun feidhme na bpríomhthosaíochtaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ainmníodh Cathaoirleach Chomhairle Airí na Boisnia agus na Heirseagaivéine, agus áitíonn sí ar chomhlachtaí feidhmiúcháin agus reachtacha ar gach leibhéal rialtais aghaidh a thabhairt ar na príomhthosaíochtaí a sainaithníodh sa Tuairim ón gCoimisiún, i gcomhréir le hardmhianta dlisteanacha shaoránaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Aontais Eorpaigh. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair a tiomantas ríshoiléir do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.